

Úsáideann suíomh Gréasáin an PHA uirlis ar a dtugtar **ReachDeck** (Browsealoud roimhe seo) chun na leathanaigh ghréasáin agus na formáidí doiciméad iniompartha (PDFs) a léamh agus a aistriú ach ní íomhána a chuimsíonn téacs. Cabhraíonn sé le daoine ar a bhfuil disléicse, lagú amhairc éadrom nó daoine nach é an Béarla a gcéad teanga rochtain a fháil ar an eolas ar an suíomh.

Is chun faisnéis a léamh os ard nó a thaispeáint ar bhealach eile go príomha atá sé ach is féidir é a úsáid freisin chun leathanaigh ghréasáin a aistriú go roinnt teangacha trí úsáid a bhaint as Google Translate. Labhraíonn sé an téacs aistrithe áit a bhfuil guth meaitseála ar fáil (tá na teangacha labhartha liostaithe ar dtús sa roghchlár anuas). Liostaítear teangacha in ord aibítre de réir na teanga aistrithe (agus Béarla ina dhiaidh sin, má tá brabhsálaí cothrom le dáta in úsáid).

An barra uirlisí ReachDeck (bíonn cuma éagsúil air ar fhón póca)




Míníonn an deilbhín cabhrach seo socruithe an bharrá uirlisí



## Chun leathanach gréasáin a aistriú

- 1 Roghnaigh an deilbhín ReachDeck (de ghnáth ag barr nó ag bun an scáileáin).



- 2 Taispeánfar an barra uirlisí ReachDeck.




- 3 Roghnaigh do theanga faoin deilbhín aistriúcháin, agus beidh an t-aistriúchán le feiceáil tar éis cúpla soicind.



- 4 Má tá an rogha foluana chun labhairt ar fáil do do theanga, beidh tú in ann an deilbhín seo a roghnú agus do luch a úsáid chun an téacs a roghnú le léamh os ard (mura bhfuil sé scáthaithe amach).



Chun é a stopadh ag léamh os ard, díroghnaigh an deilbhín foluana chun labhairt.



- 5 Roghnaigh an deilbhín stoptha chun an t-aistriúchán a stopadh. Má bhaineann tú úsáid as an rogha foluana chun labhairt, díroghnaigh é sula bhfilléann tú ar ais go Béarla ar an anuas aistrithe (le haghaidh deilbhín féach pointe 3), ansin dún an barra uirlisí.



## An barra uirlisí ReachDeck



Míníonn an deilbhín cabhrach seo socruithe an bharrá uirlisí



## Chun téacs a aistriú i bhformáid pdf


- 1 Roghnaigh an deilbhín ReachDeck (de ghnáth ag barr nó ag bun an scáileáin).



- 2 Taispeánfar an barra uirlisí ReachDeck.




- 3 Roghnaigh do theanga faoin deilbhín aistriúcháin.



- 4 Oscail an PDF is mian leat a aistriú.

- 5 Beidh téacs aistrithe le feiceáil ar bharr an téacs Béarla.



- 6 Chun an téacs aistrithe a phriontáil, aibhsigh an téacs agus cóipeáil (ctrl+C) agus greamaigh (ctrl+V) isteach i ndoiciméad Word. Seans go mbeidh ort an rannóg aistriúcháin a chóipeáil de réir ailt chun an téacs a choinneáil san ord ceart.

- 7 Chun an t-aistriúchán a stopadh roghnaigh an deilbhín stoptha agus roghnaigh Béarla ar an anuas aistrithe (le haghaidh deilbhín féach pointe 3) roimh dhúnadh an bharrá uirlisí.

